# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2023 – Basaglia v an Coimisiún**

**(Cás T-597/21)** [1]

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid a bhaineann le tionscadail éagsúla i gcomhthéacs chláir TEN-tele agus an cúigiú agus an séú clár réime um thaighde agus um fhorbairt theicneolaíoch – Diúltú páirteach ar rochtain – Dofhaighteacht doiciméad – Teorainn aontaobhach ar raon feidhme an iarratais ar rochtain – An oibleagáid scrúdú nithiúil agus aonair a dhéanamh – Ualach neamhréasúnta oibre – Airteagal 266 CFAE – Cinneadh arna ghlacadh de bhun breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta – Bearta is gá chun an breithiúnas neamhnithe a chomhlíonadh)***

(2023/C 164/47)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Giorgio Basaglia (Milano, an Iodáil) (ionadaí: G. Balossi, Dlíodóir)

*Cosantóir*: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar agus A. Spina, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2021) 5741 final ón gCoimisiún an 27 Iúil 2021 maidir le hiarratas daingniúcháin ar rochtain ar dhoiciméid a chur ar neamhní i bpáirt.

**An chuid oibríochtúil**

1. Díbhtear an chaingean.

2. Ordaítear do Giorgio Basaglio na costais a íoc.

[1] IO C 462, 15.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2023 – TO v AUEA**

**(Cás T-727/21)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh – Státseirbhís – Foireann shealadach – Earcaíocht – Fógra folúntais seachtrach [faoi rún] – Cinneadh gan síneadh a chur le bailíocht liosta ionadaithe – Teorann ama ar éileamh – Foilsiú ar an idirlíon – Easpa earráid inghlactha – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 164/48)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: TO (ionadaí: É. Boigelot, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (ionadaithe: P. Eyckmans agus M. Stamatopoulou, Gníomhairí, le cúnamh ó T. Bontinck, A. Guillerme agus T. Payan, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí cinneadh EASO/HR/2020/2331 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an 18 Nollaig 2020, gan síneadh bliana breise a chur le bailíocht an liosta ionadaithe arna chomhdhéanamh tar éis an nós imeachta roghnúcháin [*faoi rún*] ar a raibh a ainm agus, ar an taobh eile, an cúiteamh i leith díobhála a líomhnaítear a fulaingíodh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do TO na costais a íoc.

([1]) IO C 11, 10.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2023 – Homy Casa v EUIPO – Albatros International (Chaises)**

**(Cás T-89/22)** ([1])

***(Dearadh pobail – Imeachtaí neamhbhailíochta – Dearadh Comhphobail cláraithe lena léirítear cathaoir – Dearadh níos luaithe – Foras le haghaidh neamhbhailíochta – Nochtadh an dearaidh níos luaithe – Nochtadh ar an idirlíon – Sainaithint an dearaidh níos luaithe – Cumhacht mheasúnaithe an Bhoird Achomhairc – Airteagal 63(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002)***

(2023/C 164/49)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Homy Casa Ltd (Guangzhou, an tSín) (ionadaí: J. Vogtmeier, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Albatros International GmbH (Nerdlen, an Ghearmáin) (ionadaí: Biesterfeld-Kuhn, Dlíodóir)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de chuid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Samhain 2021 (Cás R 837/2020-3) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear an cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de chuid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Samhain 2021 (Cás R 837/2020-3 ar neamhní).

2) Ordaítear do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais sin arna dtabhú de riachtanais ag Homy Casa Ltd chun críocha na n-imeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO.

3) Ordaítear do Albatros International GmbH a chostais féin a íoc.

([1]) IO C 148, 4.4.2022.